# Torthaí na Sraithe Sóisearaí



Eochairfhocail: an tSraith Shóisearach, scrúduithe, scéim mharcála, torthaí, éigeantach, aitheantas

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht agus labhairt

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1.Cad a fuair na daltaí scoile i gColáiste Cholmcille in Indreabhán sa mhír nuachta seo?
2.Ainmnigh na trí ábhar scoile a luann an chéad dalta scoile a chuirtear faoi agallamh.
3.Cén fáth a bhfuil ionadh ar an tríú dalta a chuirtear faoi agallamh?
4.Cé mhéad dalta go náisiúnta nach ndearna an scrúdú Gaeilge?
5.Céard iad na leaganacha éagsúla den scrúdú Gaeilge a luann Maitiú Ó Coimín?
6.Cé mhéad faoin gcéad de dhaltaí a fuair an pas le gradam sa Ghaeilge i mbliana, de réir Mhaitiú?
7.Cad é an rud nua atá i bhfeidhm i mbliana?
8.Cén fáth a raibh scéim mharcála nua i bhfeidhm i mbliana?
9.Cén scoil lena mbaineann Bróna Ní Uallacháin?
10. An dtaitníonn scrúduithe scoile leat? Cén fáth?


# Gníomhaíocht Smaointeoireachta agus Labhartha:

Fíor nó Bréagach

Ag obair le do pháirtí ranga, féachaigí ar an bhfíseán arís agus pléigí an bhfuil na habairtí seo a leanas fíor nó bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| **Tháinig torthaí na** | | **B** |
|---|---|---|
| Ar an iomlán bhí daltaí | | |
| Múintear | | |
| Tá sármhúinteoir Béarla | | |
| Tá laghdú tagtha ar líon | | |
| Rinne os cionn 72,000 | | |
| Ní dhearna 3 faoin | | |
| Bronnadh an grád is | | |
| Ní ábhar éigeantach í an | | |
| Is ábhar roghnach í an | | |
| Bhí sé éasca an grád is | | |
| Tá áthas ar Bhóna Ní | | |
| Níl an Spidéal suite i | | |

# Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:



**Samhlaigh gur dalta scoile tú a fuair torthaí Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí an tseachtain seo. Bhí tú an-sásta leis na torthaí. Scríobh cuntas gearr,150 focal, ar an méid a thit amach sa scoil díreach sular bronnadh na torthaí ar na daltaí agus díreach ina dhiaidh sin. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat an cuntas a scríobh.**

| | |
|---|---|
| an halla spóirt | an idirbhliain go léir |
| ar crith le heagla | labhair an príomhoide linn |
| clúdach litreach donn | faoiseamh ollmhór |
| bhí ríméad orm | Níor chreid mé mo shúile |
| thosaigh mé ag caoineadh/ag gol | rug mo chairde barróga orm |
| grádanna maithe | chuir mé glaoch ar mo thuismitheoirí |
| bialann ghalánta | dinnéar blasta |
| cóisir tí le mo chairde | oíche den scoth |

# Freagraí:

1. Torthaí scrúduithe na Sraithe Sóisearaí
2. Stair, eacnamaíocht bhaile agus gnó
3. Níor cheap sí go bhfaigheadh sí gradam sa bhFraincis
4. 14,469
5. Gnáthleibhéal, ardleibhéal, T1 agus T2
6. Thart ar 8.4%
7. Scéim mharcála nua
8. Bhíothas ag gearán faoi chomh deacair is a bhí sé anuraidh an grád is airde a bhaint amach
9. Coláiste Chroí Mhuire, An Spidéal

